BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Séú Dlísheomra)

19 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 63 CFAE – Saorghluaiseacht caipitil – Cánachas – Cáin ar dhíbhinní – Cáin shiarchoinneálach – Aisíocaíocht cánach siarchoinneálaí arna deonú d'fhaighteoirí díbhinní cónaitheacha a bhfuil easnamh acu ag deireadh na bliana cánach ina bhfaightear na díbhinní – Easpa aisíocaíocht cánach siarchoinneálaí le faighteoirí díbhinní neamhchónaitheacha – Difríocht sa chóir – Srian – Inchomparáideacht – Údar)

I gCás C-601/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Thír na mBascach, an Spáinn), trí bhreith an 19 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 29 Meán Fómhair 2023, sna himeachtaí

Credit Suisse Securities (Europe) Ltd

v

Diputación Foral de Bizkaia,

tugann AN CHÚIRT (an Séú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Uachtarán an Séú Dlísheomra, A. Kumin (Rapóirtéir) agus I. Ziemele, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. M. Collins,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a tíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Credit Suisse Securities (Europe) Ltd, ag S. Paternain Osácar, abogada,

– la Diputación Foral de Bizkaia, ag B. Astorquiza del Val, letrada, agus M. Durango García, procuradora,

– Rialtas na Spáinne, ag A. Gavela Llopis, i gcáil Gníomhaire,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

– Rialtas na Gearmáine, ag J. Möller agus R. Kanitz, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó A. Maddalo, avvocato dello Stato,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Pardo Quintillán agus W. Roels, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 63 CFAE.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Credit Suisse Securities (Europe) Ltd agus an Diputación Foral de Bizkaia (Comhairle Phroibhinse na Bioscáine, an Spáinn) maidir le diúltú na Comhairle sin do Credit Suisse Securities (Europe) aisíocaíocht na cánach siarchoinneálaí a cuireadh i bhfeidhm ar dhíbhinní a íocadh leis in 2017 a dheonú.

An dlí

An dlí idirnáisiúnta

3 Foráiltear le hAirteagal 10 den Choinbhinsiún idir Ríocht na Spáinne agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann chun cánachas dúbailte a sheachaint, a síníodh i Londain an 14 Márta 2013 (‘An Coinbhinsiún idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe’) mar seo a leanas:

‘1. Beidh díbhinní a íocfaidh cuideachta is cónaitheoir i Stát Conarthach amháin le cónaitheoir sa Stát Conarthach eile faoi réir cánach sa Stát eile sin.

2. Mar sin féin, maidir leis na díbhinní sin:

(a) féadfaidh siad a bheith faoi réir cánach sa Stát Conarthach freisin ina bhfuil an chuideachta atá ag íoc na ndíbhinní ina cónaitheoir, agus faoi reachtaíocht an Stáit sin, ach má tá cónaí ar úinéir tairbhiúil na ndíbhinní sa Stát Conarthach eile, ní fhéadfaidh an cháin arna cinneadh amhlaidh a bheith níos airde ná:
(i) 10 faoin gcéad de mhéid comhlán na ndíbhinní [...]

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 22(2) den Choinbhinsiún sin:

‘Faoi réir fhorálacha reachtaíocht na Ríochta Aontaithe maidir le cáin is iníoctha i gcríoch lasmuigh den Ríocht Aontaithe a fhritháireamh i gcoinne cháin na Ríochta Aontaithe nó, de réir mar a bheidh, maidir le díbhinn nó brabús de chuid buanbhunaíochta ó chríoch lasmuigh den Ríocht Aontaithe a dhíolmhú ó cháin na Ríochta Aontaithe (nach ndéanann difear dá prionsabal ginearálta):

(a) féadfar cáin Spáinneach atá dlite faoi reachtaíocht Ríocht na Spáinne agus de réir an Choinbhinsiúin seo, go díreach nó trí asbhaint, ar bhrabúis, ioncam nó gnóthachain chaipitiúla inchánach ar fhoinsí laistigh de Ríocht na Spáinne (ach amháin, i gcás cáin ar dhíbhinní, an cháin i dtaca leis na brabúis as a n-íoctar an díbhinn) a fhritháireamh i gcoinne cháin na Ríochta Aontaithe arna ríomh ar an mbrabús, ar an ioncam nó na gnóthachain chaipitiúla inchánach chéanna ar ar a mbonn a ríomhtar cáin na Spáinne;

(a) díbhinní arna n-íoc ag cuideachta is cónaitheoir i Ríocht na Spáinne le cuideachta a bhfuil cónaí uirthi sa Ríocht Aontaithe, beidh siad díolmhaithe ó cháin na Ríochta Aontaithe i gcás ina bhfuil feidhm ag an díolúine agus ina gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh díolúine a leagtar síos le reachtaíocht na Ríochta Aontaithe;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí an Aontais

5 Foráiltear le hAirteagal 63(1) CFAE:

‘Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach sa Chaibidil seo, toirmiscfear na srianta uile ar ghluaiseacht chaipitil idir na Ballstáit agus idir na Ballstáit agus tríú tíortha.’

6 De réir Airteagal 65 CFAE:

‘1. Beidh forálacha Airteagal 63 gan dochar do cheart Ballstát:

(a) forálacha ábhartha a ndlí cánach a chur chun feidhme a idirdhealaíonn idir cáiníocóirí nach bhfuil sa chor céanna maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe;

[…]

3. Ní fhéadfar áis a bhaint as na bearta ná na nósanna imeachta dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar shaorghluaiseacht chaipitil agus íocaíochtaí mar atá sí sainithe in Airteagal 63.

[…]’

Dlí na Spáinne

Dlí Proibhinse 11/2013

7 Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 68 den Norma Foral del Impuesto sobre Sociedades 11/2013 (Dlí Proibhinse 11/2013 maidir le cáin chorparáide) an 5 Nollaig 2013 (*Boletín Oficial de Bizkaia* Uimh. 238 an 13 Nollaig 2013; 'Dlí Proibhinse 11/2013'):

'1. Beidh an méid seo a leanas in-asbhainte ón méid cánach atá dlite:

(a) Cánacha siarchoinneálacha, cé is moite dóibh siúd a fhreagraíonn d'ioncam nach n-áirítear sa mhéid inchánach de bhun fhorálacha [...] den Dlí Proibhinse seo.

[...]

2. I gcás inar mó méid iomlán na n-ítimí thuas ná méid na cánach atá dlite, aisíocfaidh an t-údarás cánach an méid ró-íoctha *ex officio*.

[...]'

8 De réir Airteagal 130(1) de Dhlí Proibhinse 11/2013:

'Beidh sé d'oibleagáid ar eintitis [...] a íocann ioncam atá faoi réir na cánach sin an méid a chinntear trí rialachán a choinneáil siar nó a íoc ar cuntas, mar réamhíocaíocht agus é a íoc, sna cásanna agus sna foirmeacha arna leagan síos ag [Hacienda Foral de Bizcaya (Státchiste Phroibhinse Vizcaya)]...'

Dlí Proibhinse 12/2013

9 Faoi Airteagal 1 de Norma Foral 12/2013 del Impuesto sobre la Renta de no Residentes (Dlí Proibhinse 12/2013 maidir le cáin ioncaim do neamhchónaitheoirí) an 5 Nollaig 2013 (*Boletín Oficial de Bizkaia* Uimh. 238, an 13 Nollaig 2013; 'Dlí Proibhinse 12/2013'):

'1. Is cáin dhíreach í cáin ioncaim neamhchónaitheoirí ar na nithe seo a leanas:

(a) ioncam arna fháil sa Bhioscáin [an Spáinn], de réir mar a fhoráiltear sa Dlí seo, ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha nach bhfuil cónaí orthu i gcríoch na Spáinne agus a oibríonn ansin in éagmais buanbhunaíochta.

[...]'

'2. Beidh feidhm ag forálacha an Dlí Proibhinse seo maidir le:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha nach bhfuil cónaí orthu i gcríoch na Spáinne agus a fhaigheann, in éagmais buanbhunaíochta, ioncam i gcríoch stairiúil na Bioscáine, i gcomhréir le forálacha Airteagal 13 den Dlí Proibhinse seo.

[...]'

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 13(2) den Dlí sin:

‘Measfar an t-ioncam seo a leanas a fhaightear nó a tháirgtear i gcríoch na Bioscáine mar ioncam a fhaightear in éagmais buanbhunaíochta:

[…]

(g) díbhinní agus ioncam eile ó infheistíocht i gcothromas eintiteas poiblí Bascacha a bhfuil sainchónaí orthu sa Bhioscáin chun críoch cánach, chomh maith le hioncam ó infheistíocht i gcothromas eintiteas príobháideach suas go dtí an méid a shonraítear i mír 4 den Airteagal seo.

[…]’

11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 25(1) den Dlí sin:

‘Ríomhfar an méid cánach trí na rátaí cánach seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an méid inchánach a chinntear i gcomhréir leis an Airteagal roimhe seo:

(a) Go ginearálta: 24 %. Mar sin féin, 19 % a bheidh sa ráta cánach do cháiníocóirí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch lena bhfuil malartú éifeachtach faisnéise maidir le cúrsaí cánach […]

[…]’

12 Tá an fhoclaíocht in Airteagal 31 den Dlí sin mar a leanas:

‘1. Ceanglaítear orthu seo a leanas cáin a shiarchoinneáil ag an bhfoinse agus íocaíochtaí a dhéanamh ar cuntas i leith ioncam atá faoi réir na cánach sin:

(a) eintitis, lena n-áirítear eintitis sannta brabúis, is cónaitheoirí sa Spáinn.

[…]

2. Ní mór do na heintitis atá faoi réir na hoibleagáide sin cáin a choinneáil siar ag an bhfoinse nó méid arb ionann é agus an méid a eascraíonn as cur i bhfeidhm na bhforálacha a leagtar síos sa Dlí Proibhinse seo [a íoc] ar cuntas chun an cháin is iníoctha ag cáiníocóirí nach bhfuil buanbhunaíocht acu nó na bhforálacha i gcoinbhinsiún um chánachas dúbailte is infheidhme a chinneadh […]

[…]

3. Na heintitis a gceanglaítear orthu cáin a choinneáil siar ag an bhfoinse nó íocaíocht ar cuntas a dhéanamh, geallann siad go ndéanfaidh siad an íocaíocht le Státchiste [na Bioscáine], agus ní bheidh díolúine acu ón oibleagáid íocaíochta sin i gcás nach gcomhlíonfaidh siad an oibleagáid sin. […]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

13 Is cuideachta é Credit Suisse Securities (Europe) atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus nach bhfuil aon bhuanbhunaíocht aige sa Spáinn. In 2017, fuair sé EUR 2 763 848.73 i ndíbhinní, arna ndáileadh ag cuideachta atá bunaithe sa Bhioscáin, a bhí, i gcomhréir le Dlí Proibhinse 12/2013, faoi réir cáin shiarchoinneálach. Rinneadh an cháin shiarchoinneálach sin a socraíodh ar dtús ag 19 %, is é sin le rá, an céatadán céanna leis an gcéatadán is infheidhme maidir le díbhinní a íoctar le cuideachtaí cónaitheacha, a laghdú ar deireadh go 10 % ar bhonn an Choinbhinsiúin idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe.

14 An 10 Feabhra 2021, d'iarr Credit Suisse Securities (Europe) ar Státchiste Phroibhinse na Bioscáine na féinmheasúnuithe a thaisc an chuideachta dáilte díbhinní a ghearr an cháin shiarchoinneálach a cheartú, agus d'iarr sé aisíocaíocht na cánach sin ar an bhforas go ndearnadh ró-íocaíocht.

15 Le cinneadh an 15 Feabhra 2021, dhiúltaigh Státchiste Phroibhinse na Bioscáine don iarratas sin.

16 An 18 Márta 2021, thaisc Credit Suisse Securities (Europe) gearán riaracháin leis an Tribunal Económico-Administrativo Foral de Bizkaia (Cúirt Riaracháin Eacnamaíoch Phroibhinse na Bioscáine, an Spáinn), a dhiúltaigh dó le cinneadh an 23 Feabhra 2022.

17 Thug Credit Suisse Securities (Europe) achomharc riaracháin os comhair an Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Thír na mBascach, an Spáinn), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

18 Áitíonn an chuideachta sin, le linn na bliana airgeadais 2017, go ndearna sí caillteanais agus nach bhféadfadh sí, dá bhrí sin, an méid a asbhaineadh mar cháin shiarchoinneálach a aisghabháil ina tír chónaithe trína fhritháireamh i gcoinne an mhéid cánach is iníoctha sa tír sin. Áitíonn sí, in imthosca den sórt sin, go bhfuil cóir idirdhealaitheach mar thoradh ar chur i bhfeidhm Dhlí Proibhinse 11/2013. Dar léi go gceaptar an cháin shiarchoinneálach a chuirtear i bhfeidhm faoin Dlí Proibhinse sin, maidir le cuideachta neamhchónaitheach, mar cháin chinntitheach, gan sásra aisíocaíochta i gcás caillteanais arna dtabhú ag cuideachta den sórt sin, ach, i gcás cuideachta chónaitheach, atá faoi réir cáin chorparáide sa Bhioscáin, íocaíocht ar cuntas atá ann i dtaca leis an gcáin sin nach mbíonn cánachas éifeachtach mar thoradh uirthi ach amháin má tá méid inchánach deimhneach ag an gcuideachta sin don bhliain chánach atá i gceist. Os a choinne sin, má tá an méid sin diúltach, d'aisíocfaí na cánacha siarchoinneála.

19 Dá bhrí sin, tá an chuideachta sin den tuairim nach féidir léi an tsaorghluaiseacht caipitil a fheidhmiú go hiomlán agus braitheann sí, i ndáil leis sin, ar bhreithiúnais an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile* (C-575/17, EU:C:2018:943), agus an 16 Meitheamh 2022, *ACC Silicones* (C-572/20, EU:C:2022:469).

20 Ina theannta sin, áitíonn an chuideachta sin, i gcás caillteanas, nár ceadaíodh leis an gCoinbhinsiún idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe fritháireamh a dhéanamh ar an gcáin arna coinneáil siar, ós rud é go gceanglaítear le hAirteagal 22(2) den Choinbhinsiún sin brabúis nó gnóthachain inchánach a bheith ann ionas go mbeidh méid den sórt sin in-asbhainte. Maíonn sí nach gceanglaítear ar an Ríocht Aontaithe an cháin shiarchoinneálach a toibhíodh sa Spáinn a aisíoc agus nach ndeonaíonn sí ach creidmheas cánach má tá méid cánach dlite, agus é á shonrú nach féidir an creidmheas sin a úsáid sna blianta airgeadais ina dhiaidh sin ach an oiread.

21 Diúltaíonn Comhairle Phroibhinse na Bioscáine don líne argóinte sin.

22 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcás ina n-íocann cuideachta a bhfuil sainchónaí uirthi chun críoch cánach sa Bhioscáine díbhinní, go bhfuil na cuideachtaí is faighteoirí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha araon faoi réir cáin shiarchoinneálach arna ríomh ag an ráta cánach céanna. Áirithítear leis an gcóras cánach corparáide, áfach, do chuideachta is faighteoir cónaitheach, atá faoi réir cánach sa Bhioscáin, go ndéanfaí an cháin shiarchoinneálach a aisíoc ina hiomláine i gcás ina bhfuil easnamh ann ag deireadh na bliana airgeadais, agus, i gcás cuideachtaí neamhchónaitheacha, ní dhéantar an cháin sin a fhritháireamh ach go hipitéiseach, trí chur i bhfeidhm aon choinbhinsiúin maidir le cánachas dúbailte. Sa chás seo, ní cheadaítear leis an gCoinbhinsiún idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe fritháireamh den sórt sin le haghaidh cuideachtaí a bhfuil cónaí orthu sa Ríocht Aontaithe.

23 Dá bhrí sin, agus amhras uirthi maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta cánach atá i gceist le saorghluaiseacht caipitil, chinn an Tribunal Superior de Justicia del País Vasco (Ard-Chúirt Bhreithiúnais Thír na mBascach) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An bhfuil Airteagal 63 [CFAE], maidir le saorghluaiseacht caipitil, le léiriú ar chaoi go bhfuil cleachtas Ríocht na Spáinne, agus go háirithe, cleachtas de chuid Territorio Histórico fiscalmente autónomo de Bizkaia (Críoch Stairiúil Bizkaia atá uathrialach ó thaobh cánach) i gcontrárthacht leis an Airteagal sin, inarb é atá i gceist ná d’ainneoin go gcuirtear an céatadán céanna i bhfeidhm maidir le cónaitheoirí agus neamhchónaitheoirí, gan an cháin iarchoimeádta a thoibhigh eintiteas cónaitheach ar íocaíocht díbhinní arna déanamh ag eintiteas cónaitheach a aisíoc le neamhchónaitheoirí — agus nach n-éiríonn leo í a neodrú ar bhonn an choinbhinsiúin cánachais dhúbailte — fad is a aisíoctar go hiomlán cónaitheoirí a thabhaigh caillteanais ar an gcaoi chéanna sa bhliain airgeadais?’

Inghlacthacht

24 Tá amhras ar Rialtas na Gearmáine an bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha i bhfianaise easpa cinntí ábhartha maidir leis na caillteanais a líomhnaítear a thabhaigh Credit Suisse Securities (Europe) ina Stát cónaithe, eadhon an Ríocht Aontaithe.

25 De réir cásdlí socair, is faoin gcúirt náisiúnta ar tugadh an díospóid sna príomhimeachtaí os a comhair amháin atá sé measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le réamhrialú agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí faoi bhráid na Cúirte, a bhfuil toimhde ábharthachta ag gabháil leo. Dá réir sin, tá sé de cheangal ar an gCúirt, i bprionsabal, rialú a thabhairt, mura rud é gur léir nach bhfuil aon bhaint ag an léiriú atá á lorg le fíorais nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, má tá an fhadhb de chineál hipitéiseach, nó mura bhfuil an t-ábhar fíorasach nó dlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra fónta a thabhairt ar an gceist sin (breithiúnas an 22 Feabhra 2024, *Unedic*, C-125/23, EU:C:2024:163, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir, de réir dhearbhuithe Credit Suisse Securities (Europe), nár chuir Comhairle Phroibhinse na Bioscáine ná an chúirt a rinne an tarchur ina gcoinne, gur thaifead an chuideachta sin caillteanais chánach sa bhliain airgeadais inar gearradh an cháin shiarchoinneálach, ós rud é gur léirigh an tuairisceán cánach a dhréachtaigh sí don bhliain sin ina tír chónaithe, an Ríocht Aontaithe, méid cánach diúltach.

27 Dá réir sin, ní dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú ar Airteagal 63 CFAE atá á lorg le fíricí nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, ná go bhfuil an fhadhb hipitéiseach.

28 Dá bhrí sin, tá an tarchur chun réamhrialú inghlactha.

Breithniú ar an gceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

29 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 63 CFAE le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht is infheidhme i mBallstát faoina bhfuil díbhinní arna ndáileadh ag cuideachta atá bunaithe i gcríoch den Bhallstát sin atá féinrialaitheach ó thaobh cúrsaí cánach de faoi réir cáin shiarchoinneálach arb ionann í, i gcás ina bhfaigheann cuideachta chónaitheach na díbhinní sin atá faoi réir cáin chorparáide sa chríoch chánach uathrialaitheach sin, agus íocaíocht ar cuntas ar an gcáin sin, a aisíoctar ina hiomláine má tá easnamh ag an gcuideachta sin ag deireadh na bliana cánach, ach nach bhforáiltear léi d'aisíocaíocht i gcás ina bhfaigheann cuideachta neamhchónaitheach na díbhinní sin sa chás céanna.

Srian a bheith ar shaorghluaiseacht caipitil de réir bhrí Airteagal 63(1) CFAE

30 Is léir ó chásdlí socair na Cúirte a n-áireofar sna bearta atá toirmiscthe faoi Airteagal 63(1) CFAE mar shrianta ar ghluaiseacht caipitil, bearta atá de chineál go ndíspreagfar neamhchónaitheoirí ó infheistíochtaí a dhéanamh i mBallstát nó go ndíspreagfar cónaitheoirí an Bhallstáit sin ó infheistíochtaí a dhéanamh i mBallstáit eile (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Go sonrach, d'fhéadfadh an chóireáil níos lú fabhair a thugann Ballstát do dhíbhinní arna n-íoc le cuideachtaí neamhchónaitheacha, i gcomparáid leis an gcóireáil do dhíbhinní arna n-íoc le cuideachtaí cónaitheacha, cuideachtaí atá bunaithe i mBallstát seachas an chéad Bhallstát sin a dhíspreagadh ó infheistíochtaíochtaí a dhéanamh sa chéad Bhallstát sin agus dá bhrí sin, is srian é ar shaorghluaiseacht caipitil a thoirmisctear, i bprionsabal, le hAirteagal 63 CFAE (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 24 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Faoin reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, tá cuideachtaí a bhfuil scairshealbha acu i gcuideachta arna bunú sa Bhioscáin, maidir le díbhinní arna ndáileadh orthu ar an mbonn sin, faoi réir dhá sraith de rialacha cánach éagsúla, a mbraitheann a gcur i bhfeidhm ar cé acu cónaitheach nó neamhchónaitheach atá siad.

33 Is léir ón ordú tarchuir go bhfuil díbhinní arna n-íoc le cuideachtaí neamhchónaitheacha ag cuideachta a bhfuil sainchónaí uirthi chun críoch cánach sa Bhioscáin faoi réir, faoi Airteagal 25(1)(a) de Dhlí Proibhinse 12/2013, cáin shiarchoinneálach arb ionann í agus 19 % dá méid comhlán, ach go bhféadfar an ráta sin a laghdú, faoi choinbhinsiún um chánachas dúbailte, beag beann ar thorthaí airgeadais na gcuideachtaí neamhchónaitheacha sin. Sa chás seo, bhí na díbhinní a fuair Credit Suisse Securities (Europe) faoi réir cáin shiarchoinneálach 10 % de bhun coinbhinsiún den sórt sin, eadhon an Coinbhinsiún idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe.

34 Os a choinne sin, cé gur fíor go bhfuil díbhinní arna n-íoc ag cuideachta atá bunaithe sa Bhioscáin le cuideachta chónaitheach eile atá sa chás céanna seachas sin le Credit Suisse Securities (Europe) faoi réir cáin shiarchoinneálach arb ionann í agus 19 % dá méid comhlán, is ionann an asbhaint sin agus íocaíocht ar cuntas den cháin chorparáide is infheidhme sa Bhioscáin. I gcás ina bhfuil caillteanas ag cuideachta den sórt sin ag deireadh na bliana cánach lena mbaineann agus, dá bhrí sin, nach bhfuil aon cháin chorparáide dlite, aisíoctar an cháin shiarchoinneálach a toibhíodh ar na díbhinní sin trí íocaíocht ar cuntas, ach níl aon fhoráil den sórt sin ann i gcás ina dtoibhítear an cháin shiarchoinneálach ar dhíbhinní a íoctar le cuideachtaí neamhchónaitheacha.

35 Dá bhrí sin, leis an gcóras is infheidhme maidir le cáin a ghearradh ar dhíbhinní arna n-íoc ag cuideachta a bhfuil sainchónaí cánach bunaithe aige i gcríoch stairiúil na Bioscáine, d'fhéadfaí buntáiste a thabhairt do chuideachta chónaitheach, a ngearrtar cáin chorparáide uirthi sa chríoch sin, i gcomparáid le cuideachta neamhchónaitheach, i gcás ina bhfuil easnamh ag na cuideachtaí sin ag deireadh na bliana (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 28).

36 I ndáil leis sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, maidir leis na díbhinní a fhaigheann an chuideachta chónaitheach, ar fhág aisíocaíocht den sórt sin gur díolmhaíodh na díbhinní ó aon mhuirear cánach nó an amhlaidh, mar is cosúil gur léir ón gcáschomhad atá ag an gCúirt, go laghdaítear, de bharr 50 % de na díbhinní sin a chur san áireamh i mbonn cánach na cuideachta cónaithí méid na gcaillteanas a d'fhéadfaí a fhritháireamh i gcoinne ioncam deimhneach sna blianta ina dhiaidh sin, a mbeadh d'éifeacht aige sin an cánachas ar na díbhinní sin a chur siar.

37 In aon chás, ar an gcéad dul síos, is srian ar shaorghluaiseacht caipitil é gan buntáiste den sórt sin a bheith ann i gcás trasteorann ach é a dheonú i gcás coibhéiseach laistigh den chríoch náisiúnta (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Ar an dara dul síos, ní mór an measúnú ar an gcóir níos lú fabhair a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás díbhinní a íoctar le cuideachtaí neamhchónaitheacha a dhéanamh i leith gach bliana cánach, ar bhonn aonair (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Ós rud é go ngearrtar cáin ar dhíbhinní arna bhfáil ag cuideachta neamhchónaitheach tráth a ndáilte, ní mór an bhliain chánach ina ndáiltear díbhinní a chur san áireamh chun comparáid a dhéanamh idir an t-ualach cánach ar dhíbhinní den sórt sin agus an t-ualach cánach ar dhíbhinní arna ndáileadh ar chuideachta chónaitheach, a ngearrtar cáin orthu sa Bhioscáin (féach, de réir analaí, breithiúnais an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 31).

40 Sa chás seo, ní mór a thabhairt faoi deara nach mbeadh aon cháin i gceist i gcás ina mbeadh easnamh ag an gcuideachta dheireanach sin ag deireadh na bliana airgeadais.

41 Ar an tríú dul síos, díolúine chinntitheach a bheadh ann an cháin ar na díbhinní sin a iarchur mura bhfuil brabús nó caillteanas ag an gcuideachta chónaitheach a thuilleadh sula gcuireann sí deireadh lena gníomhaíochtaí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 33).

42 Dá bhrí sin, is féidir leis an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí buntáiste a thabhairt do chuideachtaí cónaitheacha i gcás easnaimh, ós rud é go bhfuil buntáiste sreafa airgid ar a laghad nó díolúine fiú, fad atá cuideachtaí neamhchónaitheacha faoi réir cánachas láithreach agus cinntitheach beag beann ar a dtoraidh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 34).

43 Cuireann Comhairle Phroibhinse na Bioscáine agus Rialtas na Spáinne in iúl, i ndáil leis sin, go bhfuil díbhinní arna n-íoc le cuideachta neamhchónaitheach amhail Credit Suisse Securities (Europe) faoi réir, faoi Airteagal 25(1)(a) de Dhlí Proibhinse 12/2013 i gcomhar le hAirteagal 10(2)(a)(i) den Choinbhinsiún idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe, cáin 10 %, ach go bhfuil díbhinní arna n-íoc le cuideachta chónaitheach faoi réir, a mhéid a áirítear iad sa mhéid inchánach le haghaidh cáin chorparáide, ráta cánach 28 %.

44 Ní féidir le himthoisc den sórt sin cóir níos lú fabhair do dhíbhinní arna n-íoc le cuideachta neamhchónaitheach a dhíothú.

45 Ar an gcéad dul síos, ní féidir a mheas go bhfuil cóir chánach neamhfhabhrach atá contrártha do shaoirse bhunúsach i gcomhréir le dlí an Aontais toisc go bhféadfadh buntáistí eile a bheith ann (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Ar an dara dul síos, níl an ráta cánach níos lú fabhair a luaigh Comhairle Phroibhinse na Bioscáine agus Rialtas na Spáinne i leith díbhinní arna n-íoc le cuideachta chónaitheach ábhartha in aon chás, ós rud é go bhfuil na díbhinní sin díolmhaithe ón gcáin atá dlite i gcás ina scoireann an chuideachta chónaitheach dá gníomhaíochtaí gan brabús a dhéanamh sna blianta airgeadais tar éis na díbhinní sin a fháil. Ní féidir an imthoisc go gcuirtear neamhchónaitheoirí faoi mhíbhuntáiste le reachtaíocht Bhallstáit a chúiteamh leis an bhfíoras, i gcásanna eile, go bhféadfadh sé nach ndéanfadh an reachtaíocht chéanna sin idirdhealú idir neamhchónaitheoirí agus cónaitheoirí (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh difríocht den sórt sin sa chóireáil chánach ar dhíbhinní de réir áit chónaithe na gcuideachtaí is faighteoirí de na díbhinní sin cuideachtaí neamhchónaitheacha a dhíspreagadh ó infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí atá bunaithe sa Bhioscáin.

48 Dá bhrí sin, srian ar shaorghluaiseacht caipitil atá sa reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí atá toirmiscthe, i bprionsabal, le hAirteagal 63(1) CFAE.

49 Is gá, áfach, scrúdú a dhéanamh an bhféadfadh údar cuí a bheith leis an srian sin i bhfianaise fhorálacha Chonradh FAE.

Údar a bheith leis an srian de bhun Airteagal 65 CFAE

50 De bhun Airteagal 65(1)(a) CFAE, ní dhéanann Airteagal 63 CFAE difear do cheart na mBallstát forálacha ábhartha a ndlí cánach a chur i bhfeidhm lena mbunaítear idirdhealú idir cáiníocóirí nach bhfuil sa chás céanna maidir lena n-áit chónaithe nó an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe.

51 Ní mór an fhoráil sin, de bhrí gur maolú í ar phrionsabal bunúsach na saorghluaiseachta caipitil, a léiriú go docht. Ní féidir, dá bhrí sin, an reachtaíocht chánach uile lena ndéantar idirdhealú idir cáiníocóirí ar bhonn a n-áite cónaithe nó ar bhonn an Bhallstáit ina n-infheistíonn siad a gcaipiteal a léiriú sa chaoi go bhfuil sí comhoiriúnach go huathoibríoch leis an gConradh. Go deimhin, tá an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 65(1)(a) CFAE féin teoranta le mír 3 den Airteagal sin, lena bhforáiltear nach bhféadfar áis a bhaint as na [forálacha náisiúnta] dá dtagraítear i míreanna 1 '[...] haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar shaorghluaiseacht chaipitil agus íocaíochtaí mar atá sí sainithe in Airteagal 63 [CFAE]' (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

52 Ní mór, dá bhrí sin, idirdhealú a dhéanamh idir difríochtaí sa chóir a cheadaítear le hAirteagal 65(1)(a) CFAE agus idirdhealú atá faoi thoirmeasc de réir Airteagal 65(3) CFAE. De réir chásdlí na Cúirte, ionas gur féidir a mheas go bhfuil reachtaíocht chánach náisiúnta ag luí le forálacha an Chonartha a bhaineann le saorghluaiseacht caipitil, ní mór go mbainfeadh an difríocht sa chóir le cásanna nach bhfuil inchomparáide go hoibiachtúil nó nach mór údar cuí a bheith leo ar chúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

Inchomparáideacht na gcásanna atá i gceist

53 De réir chásdlí na Cúirte, a luaithe a fhorchuireann Ballstát, go haontaobhach nó trí choinbhinsiún, cáin ar ioncam ní hamháin cáiníocóirí cónaitheacha ach freisin ar cháiníocóirí neamhchónaitheacha i ndáil leis na díbhinní a fhaigheann siad ó chuideachta chónaitheach, éiríonn cás na gcáiníocóirí neamhchónaitheacha sin inchomparáide le cás na gcáiníocóirí cónaitheacha (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

54 Tagraíonn Comhairle Phroibhinse na Bioscáine, Rialtais na Gearmáine agus na Spáinne, go háirithe, do bhreithiúnais an 15 Bealtaine 1997, *Futura Participations agus Singer* (C-250/95, EU:C:1997:239), an 15 Feabhra 2007, *Centro Equestre da Lezíria Grande* (C-345/04, EU:C:2007:96), agus an 17 Meán Fómhair 2015, *Miljoen agus páirtithe eile* (C-10/14, C-14/14 agus C-17/14, EU:C:2015:608), a mbaineann siad de thátal astu go bhfuil an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcomhréir le prionsabal an chríochachais agus nach bhfuil cás na gcuideachtaí neamhchónaitheacha inchomparáide go hoibiachtúil le cás na gcuideachtaí cónaitheacha.

55 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, gur agraíodh an cásdlí a eascraíonn as an dá bhreithiúnas dheireanacha sin cheana i gcomhthéacs na n-imeachtaí inar tugadh breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile* (C-575/17, EU:C:2018:943). Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt, mar sin féin, go raibh cásanna a bhí inchomparáide go hoibiachtúil ann, ar bhonn an chásdlí shocair dá dtagraítear i mír 53 den bhreithiúnas seo. Tá measúnú den sórt sin bailí freisin maidir le cásanna na gcuideachtaí cónaitheacha agus neamhchónaitheacha atá i gceist sna príomhimeachtaí.

56 Dá réir sin, baineann an difríocht sa chóir a eascraíonn as an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí le cásanna atá inchomparáide go hoibiachtúil.

Údar bunaithe ar cháin a bhailiú go héifeachtúil

57 Áitíonn Comhairle Phroibhinse na Bioscáine gur cosúil go bhfuil oibleagáid fhioscach atá in-aisghabhála láithreach ar chuideachta neamhchónaitheach is faighteoir do dhíbhinní i gcomhréir leis an gcuspóir chun an chumhacht chánachais a dháileadh go cothrom idir na Ballstáit, ós rud é go méadaíonn an riosca nach n-íocfaidh cuideachta den sórt sin an cháin, ar cuideachta í nach bhfuil bunaíocht chobhsaí aici, le himeacht ama, toisc nach bhfuil aon cheangal dáiríre agus buan aige leis an tír óna dtagann an t-ioncam.

58 Dá réir sin, áitíonn Comhairle Phroibhinse na Bioscáine, i ndáiríre, go bhfuil údar leis an srian ar shaorghluaiseacht caipitil atá i gceist sna príomhimeachtaí mar gheall ar an ngá leis an gcáin a bhailiú.

59 De réir cásdlí socair, is cuspóir dlisteanach é an gá atá ann le cáin a bhailiú go héifeachtúil lenar féidir údar a thabhairt le srian ar na saoirsí gluaiseachta, ar choinníoll, áfach, go bhfuil gá leis an srian sin a chur i bhfeidhm chun an cuspóir arna shaothrú a bhaint amach agus nach rachaidh sé níos faide ná mar is gá chun é a bhaint amach (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 67 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 Ina theannta sin, chinn an Chúirt gur modh dlisteanach agus iomchuí an cháin shiarchoinneálach chun cóireáil chánach ioncaim duine inchánach atá bunaithe lasmuigh den Stát ina ngearrtar an cháin a áirithiú (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 68 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, gurb éard atá sa srian ar shaorghluaiseacht caipitil a eascraíonn as an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, mar is léir ó mhír 42 den bhreithiúnas seo an fíoras, murab ionann agus na cuideachtaí cónaitheacha a bhfuil easnamh acu atá faoi réir cánach sa Bhioscáin, ní fhaigheann na cuideachtaí neamhchónaitheacha, a bhfuil easnamh acu féin, aisíocaíocht na cánach siarchoinneálaí agus ní dhéantar an cháin sin a iarchur ach an oiread.

62 Dá ndeonófaí an chóireáil sin do chuideachtaí neamhchónaitheacha, chuirfí deireadh leis an srian sin, ach ní bhainfí an bonn den chuspóir a bhaineann le bailiú éifeachtúil na cánach atá dlite ó na cuideachtaí sin a bhaint amach i gcás ina bhfaigheann siad díbhinní ó chuideachta chónaitheach atá bunaithe sa Bhioscáin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 70).

63 Ar an gcéad dul síos, is maolú é an córas aisíocaíochta cánach siarchoinneálaí i gcás easnaimh, de bharr a chineáil, ar an bprionsabal go ngearrtar cáin ar dháileadh díbhinní le linn na bliana cánach, agus mar thoradh air sin níl sé beartaithe go mbeadh feidhm ag an gcóras sin, de bharr a chineáil féin, maidir le formhór na gcuideachtaí a fhaigheann díbhinní ach amháin maidir leo siúd a dhéanann caillteanais (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 71).

64 Ar an dara dul síos, ba cheart a chur in iúl gur faoi na cuideachtaí neamhchónaitheacha atá sé an fhaisnéis ábhartha a chur ar fáil lena gcuirfear ar chumas údaráis chánach an Bhallstáit ina ngearrtar an cháin a chinneadh go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos leis an dlí chun an cháin shiarchoinneálach a aisíoc (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 72).

65 Ar an tríú dul síos, agus i bhfianaise bhreithnithe na Cúirte i míreanna 74 go 76 dá breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile* (C-575/17, EU:C:2018:943), is leor na sásraí cúnaimh fhrithpháirtigh atá ann idir údaráis na mBallstát chun a chur ar chumas do Bhallstát na foinse rialú a dhéanamh ar fhírinne na faisnéise arna cur ar aghaidh ag cuideachtaí neamhchónaitheacha ar mian leo aisíocaíocht na cánach siarchoinneálaí a fháil (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 73).

66 Dá thoradh sin, dá dtabharfaí an buntáiste a bhaineann le haisíoc na cánach siarchoinneálaí agus le cáin na gcuideachtaí neamhchónaitheacha a bhfuil easnamh acu a iarchur, bheadh sé d'éifeacht aige sin nach mbeadh aon srian ar shaorghluaiseacht caipitil gan bac a chur ar an gcuspóir arna shaothrú ag an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí a bhaint amach (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 77).

67 Sna himthosca sin, ní féidir glacadh leis an údar atá leis an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí atá bunaithe ar cháin a bhailiú go héifeachtúil.

Údar bunaithe ar dháileadh cothrom na cumhachta cánachais idir na Ballstáit agus ar an riosca maidir le leas a bhaint as caillteanais faoi dhó

68 Áitíonn Rialtas na Gearmáine, cé go bhfuil Ríocht na Spáinne, faoin gCoinbhinsiún idir an Spáinn agus an Ríocht Aontaithe, i dteideal cáin a fhorchur ar dhíbhinní arna n-íoc ag cuideachtaí cónaitheacha le cuideachtaí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe, go dtagann gníomhaíochtaí eacnamaíocha na gcuideachtaí deireanacha sin, seachas sin, faoi chumhacht chánachais na Ríochta Aontaithe. Dá réir sin, dar leis go gcaomhnaítear leis an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí dáileadh cothrom na cumhachta cánachais, ós rud é go n-eascraíonn na caillteanais arna dtabhú ag cuideachta neamhchónaitheach nach bhfuil aon nasc díreach acu leis na díbhinní arna n-íoc ag cuideachta chónaitheach as gníomhaíochtaí eacnamaíocha a thagann faoi inniúlacht chánach a Stáit cónaithe, áit inar féidir na caillteanais sin a chur san áireamh. Dá gcuirfí iad san áireamh freisin tráth a fhorchuirtear cáin ar na díbhinní sin sa Spáinn, dhéanfaí asbhaint dhúbailte ar na caillteanais, contrártha do dháileadh na gcumhachtaí cánachais.

69 Measann Ríocht na Spáinne freisin, dá ndeonófaí an iarraidh a rinne Credit Suisse Securities (Europe) sa chás seo, go mbeadh ilúsáid a chuid caillteanas de thoradh air sin.

70 I ndáil leis sin, d'aithin an Chúirt gur cuspóir dlisteanach é leithdháileadh na cumhachta cánach idir na Ballstáit agus, in éagmais bearta aontaithe nó comhchuibhithe arna nglacadh ag an Aontas, go bhfuil inniúlacht ag na Ballstáit chun na critéir le haghaidh dháileadh a gcumhachta cánach a leagan síos, trí chomhaontuithe nó go haontaobhach (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

71 Féadfar glacadh le húdar den sórt sin i gcás, go háirithe, ina bhfuil sé d'aidhm ag na rialacha atá i gceist cosc a chur ar iompar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do cheart Ballstáit a chumhachtaí cánachais a fheidhmiú maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéantar ina chríoch (breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

72 Ina theannta sin, chinn an Chúirt gur cuspóir dlisteanach é cosc a chur ar leas a bhaint as caillteanais faoi dhó lenar féidir údar a thabhairt le srian ar na saoirsí bunúsacha (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Meitheamh 2018, *Bevola agus Jens W. Trock*, C-650/16, EU:C:2018:424, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

73 Sa chás seo, faoin reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí, gearrtar cáin ar dhíbhinní arna n-íoc le cuideachta neamhchónaitheach trí cháin shiarchoinneálach de réir ráta arna shocrú i gcomhthéacs coinbhinsiún cánachais dhúbailte, agus ní aisíoctar an cháin shiarchoinneálach sin i gcás ina mbíonn easnamh ag cuideachta don bhliain, ach faigheann cuideachta chónaitheach, atá sa chás céanna, aisíocaíocht den sórt sin agus déantar an cháin ar na díbhinní a fuarthas a iarchur.

74 Ar an gcéad dul síos, áfach, i gcás inar roghnaigh Ballstát gan cáin a ghearradh, i gcásanna áirithe, ar chuideachtaí cónaitheacha ar dhíbhinní de thionscnamh náisiúnta, ní féidir leis brath ar an ngá atá le leithdháileadh cothrom na cumhachta cánachais idir na Ballstáit a áirithiú chun údar cuí a thabhairt le cáin a ghearradh ar chuideachtaí neamhchónaitheacha a fhaigheann ioncam den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2024, *Keva agus páirtithe eile*, C-39/23, EU:C:2024:648, mír 73 agus an cásdlí dá dtagraítear).

75 Ar an dara dul síos, ní chiallaíonn aon iarchur cánachais ar dhíbhinní arna bhfáil ag cuideachta neamhchónaitheach a bhfuil easnamh aici nach mór do chríoch stairiúil na Bioscáine atá féinrialaitheach ó thaobh cúrsaí cánach de an ceart chun ioncam cánach a ghintear ina críoch a tharscaoileadh. Ghearrfaí cáin ar na díbhinní arna ndáileadh ag an gcuideachta chónaitheach a luaithe a bheidh brabús ag an gcuideachta neamhchónaitheach i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, mar is amhlaidh, faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, do chuideachta chónaitheach ina dtarlaíonn a leithéid (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 59).

76 Thairis sin, ní féidir leis an gcaillteanas ioncaim cánach a bhaineann le cáin ar dhíbhinní arna bhfáil ag cuideachtaí neamhchónaitheacha i mbliain ina bhfuil easnamh ann údar a thabhairt le cánachas láithreach agus cinntitheach ar dhíbhinní arna bhfáil ag na cuideachtaí sin i gcás den sórt sin, má ghlactar le caillteanais den sórt sin san áireamh, i gcás ina mbaineann na caillteanais sin le cuideachtaí cónaitheacha a ngearrtar cáin orthu sa Bhioscáin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 22 Samhain 2018, *Sofina agus páirtithe eile*, C-575/17, EU:C:2018:943, mír 63).

77 Ba cheart a lua, maidir leis an riosca a bhaineann le hasbhaint dhúbailte caillteanas a chosc, gur faoi na cuideachtaí neamhchónaitheacha atá sé, in aon chás, an fhaisnéis ábhartha a thabhairt ar aird lena gcuirfear ar chumas d'údaráis chánach an Bhallstáit cánachais a chinneadh go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos chun tairbhe a bhaint as iarchur cánach den sórt sin.

78 Dá réir sin, ní féidir údar a thabhairt leis an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí mar gheall ar an ngá atá ann leithdháileadh cothrom na cumhachta cánachais idir na Ballstáit a chaomhnú agus an baol go ndéanfar asbhaint dúbailte caillteanas a chosc.

Údar bunaithe ar chomhsheasmhacht an chórais cánach a chaomhnú

79 Áitíonn Comhairle Phroibhinse na Bioscáine agus Rialtais na Spáinne agus na Gearmáine go gcaomhnaítear le reachtaíocht amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí comhsheasmhacht na rialacha náisiúnta cánach ós rud é, leis an bhfíoras nach gcuirtear san áireamh, sa Bhallstát tionscnaimh, na caillteanais a bhíonn ag cuideachta neamhchónaitheach

lasmuigh den Bhallstát sin, go leantar réasúnaíocht shiméadrach agus gur cúiteamh é ar an easpa cánachais, sa Bhallstát sin, ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha óna n-eascraíonn na caillteanais sin.

80 Chun go nglacfar le hargóint atá bunaithe ar an ngá atá le comhsheasmhacht an chórais cánach náisiúnta a chaomhnú, is gá, de réir cásdlí socair, a shuíomh gurb ann do nasc díreach idir an buntáiste cánach lena mbaineann agus fritháireamh an bhuntáiste sin le tobhach cánach ar leith (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Cofidis*, C-340/22, EU:C:2023:1019, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

81 I ndáil leis sin, áfach, ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chás seo, maidir le cuideachtaí cónaitheacha sa Bhioscáin atá faoi réir cánach agus a bhfuil easnamh acu agus a fhaigheann aisíocaíocht ar an gcáin shiarchoinneálach a toibhíodh ar na díbhinní a fuarthas, nach bhfuil siad, mar chúiteamh ar an aisíocaíocht sin, faoi réir tobhach cánach sonrach. Fiú dá gceanglófaí ar chuideachtaí cónaitheacha na díbhinní sin a áireamh ag ráta 50 % ina mbonn measúnaithe le haghaidh cáin chorparáide, is amhlaidh fós, i gcás easnaimh, go mbainfeadh na cuideachtaí sin ar a laghad tairbhe as buntáiste sreafa airgid, nó fiú as díolúine i gcás scor gnó sula mbainfí toradh dearfach amach arís.

82 Dá réir sin, ní féidir glacadh leis go bhfuil údar leis an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí mar gheall ar an ngá atá le comhsheasmhacht an chórais cánach a chaomhnú.

83 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 63 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht is infheidhme i mBallstát faoina bhfuil díbhinní arna ndáileadh ag cuideachta atá bunaithe i gcríoch den Bhallstát sin atá féinrialaitheach ó thaobh cúrsaí cánach de faoi réir cáin shiarchoinneálach arb ionann í, i gcás ina bhfaigheann cuideachta chónaitheach na díbhinní sin atá faoi réir cáin chorparáide sa chríoch chánach uathrialaitheach sin, agus íocaíocht ar cuntas as an gcáin sin agus go n-aisíoctar iad ina n-iomláine má tá easnamh ag an gcuideachta sin ag deireadh na bliana cánach, ach nach bhforáiltear léi d'aisíocaíocht i gcás ina bhfaigheann cuideachta neamhchónaitheach na díbhinní sin sa chás céanna.

Costais

84 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Séú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Ní mór Airteagal 63 CFAE a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht is infheidhme i mBallstát faoina bhfuil díbhinní arna ndáileadh ag cuideachta atá bunaithe i gcríoch den Bhallstát sin atá féinrialaitheach ó thaobh cúrsaí cánach de faoi réir cáin shiarchoinneálach arb ionann í, i gcás ina bhfaigheann cuideachta chónaitheach na díbhinní sin atá faoi réir cáin chorparáide sa chríoch chánach uathrialaitheach sin, agus íocaíocht ar cuntas as an gcáin sin agus go n-aisíoctar iad ina n-iomláine má tá easnamh ag an gcuideachta sin ag deireadh na bliana cánach, ach nach bhforáiltear léi d'aisíocaíocht i gcás ina bhfaigheann cuideachta neamhchónaitheach na díbhinní sin sa chás céanna.

Sínithe